



# Tuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2025

Ar an gClúdach Tosaigh:

**E. Grace Mitchell Henry, (1868–1953)**


*Drying Sails at Chioggia*, (mionghné) c.1920i

Bronnta ag C. Meredith Uasal, 1953

NGI.1287

# Clár an Ábhair

|                                                 |    |
|-------------------------------------------------|----|
| Brollach                                        | 5  |
| Réamhrá                                         | 6  |
| Torthaí na Bearna Pá idir na hInscní            | 8  |
| An Mheánbhearna Pá idir na hInscní              | 8  |
| An Bearna Phá Airmheánach idir na hInscní       | 10 |
| Ceathairlíneanna Pá                             | 13 |
| Luach Saothair Bónas agus Sochair Chomhchineáil | 13 |
| Anailís agus Príomhchleargais                   | 14 |
| Cúinsí a bhí leis                               | 14 |
| Dul Chun Cinn agus Tionscnaimh                  | 15 |
| Ag féachaint chun cinn                          | 16 |



## Brollach



B'ionann céad Thuarascáil Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní in 2024 agus céim thábhachtach inár dtiomantas áit oibre níos cothroime a chruthú. Tá ríméad orm anois an dara Tuarascáil de Chuid an Ghailearaí a chur i láthair. Léirítear dul chun cinn spreagúil i dtorthaí na bliana seo maidir le bearnaí a dhúnadh ar fud fhormhór na gcatagóirí foirne agus léirítear freisin réimsí ina bhfuil gá le tuilleadh oibre.

D'athraigh an mheánbhearna phá idir na hinscní ó **0.91% i bhfabhar na bhfear in 2024** go **3.53% i bhfabhar na mban in 2025**. Ciallaíonn sé seo, ar an meán, gur thuill fostaithe mná beagán níos mó in aghaidh na huaire ná fostaithe fir. Tá an mheánbhearna **0.09% i bhfabhar na bhfear**, a léiríonn comhionannas beagnach ag lár an scála pá.

Léiríonn na torthaí seo athruithe i gcomhdhéanamh an fhórsa saothair le bliain anuas agus léiríonn an tábhacht a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar ionadaíocht inscne ar fud gach grád. Déanann siad tiomantas leanúnach an Ghailearaí a athdhearbhú i leith comhionannais, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta freisin mar threoirphrionsabal inár gcuid oibre.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an fhoireann go léir a chuir le bailiú agus le hanailís sonraí na bliana seo. Cinntíonn bhur rannpháirtíocht go mbíonn ár dtuairisciú trédhearcach, stuama agus ina thiománaí don fheabhas leanúnach i gcónaí.

### An Dr Caroline Campbell

Stiúrthóir

Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Thuas: Grianghraf, Anthony Woods

Thall:

**Roderic O'Connor, (1860–1940)**

*La Jeune Bretonne*, c.1895

Ceannaithe in 1975 (Ciste Shaw)

NGI.4134

## Réamhrá

Is é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Gailearaí) príomhinstitiúid chultúir náisiúnta na hÉireann do bhailiú, do chaomhnú agus do chur i láthair na mínealaíne. Le bailiúchán de bhreis is 18,000 saothar—lena n-áirítear pictiúir, líníochtaí, priontaí, dealbhóireacht agus ealaíona maisiúla—tá ról lárnach ag an nGailearaí i saol cultúir an náisiúin agus cinntíonn go mbeidh teacht ar cách ar ealaín.

Maoinithe go príomha ag an Stát, fostaíonn an Gailearaí breis is 200 comhalta foirne ar fud réimse leathan ról. Fostaítear an fhoireann ar scálaí pá na státseirbhíse, arna sainordú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Mar institiúid neamhspleách faoin Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, tá an Gailearaí tiomanta don ealaín a chur ar fáil do chách.

Foilsíonn an Gailearaí, faoin Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 agus na Rialacháin faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Alt 20A) (Faisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní) (Leasú) 2024, a chuid sonraí maidir leis an mbearna phá idir na hInscní ar bhonn bliantúil. Leagtar amach sa tuarascáil seo na difríochtaí sa mheánphá in aghaidh na huaire idir fostaithe mná agus fostaithe fir.

An 28 Meitheamh 2025 dáta an léargais don tuarascáil seo, ina gclúdaítear an 12 mhí roimhe seo. Tá na sonraí bunaithe ar 81% de ráta fillte agus fághtar amach fostaithe nár nocht a n-inscne nó nár sainaitníodh lasmuigh de na catagóirí fir/mná.

Léirítear in anailís na bliana seo go bhfuil comhionannas foriomlán beagnach bainte amach ag an nGailearaí le meánbhearna phá idir na hInscní de -3.53% (i bhfabhar na mban) agus bearna phá airmheánach 0.09% idir na hInscní.



**E. Grace Mitchell Henry, (1868–1953)**

*Still-life*, 1940í

Bronntanas Oidhreachta, Muintir MacCarvill, 2025

NGI.2025.11

# Torthaí na Bearna Pá idir na hInscní

## An Mheánbhearna Phá idir na hInscní

Is í an mheánbhearna pá idir na hinscní an difríocht idir meánphá in aghaidh na huaire d’fhostaithe fir agus d’fhostaithe mná, a léirítear mar chéatadán den mheánráta in aghaidh na huaire a fhaigheann fostaithe fir.

### Go foriomlán

Meánbhearna Phá idir na hInscní:

**-3.53%**

(i bhfabhar na mban)


Meánráta in aghaidh na huaire:

**€27.67**

d’fhir

**€28.65**

do mhná



### Fostaithe Buana

Meánbhearna Phá idir na hInscní:

**-4.97%**

(i bhfabhar na mban)


Meánráta in aghaidh na huaire:

**€29.03**

d’fhir

**€30.47**

do mhná



In 2025, is -3.53% i bhfabhar na mban, i gcomparáid le 0.91% i bhfabhair na bhfear in 2024, an mheánbhearna phá idir na hinscní. Léiríonn an t-athrú seo feabhsúcháin i dtreo cothromaíocht phá.

Léiríonn fostaithe buana bearna phá -4.97% i bhfabhar na mban, a léiríonn meánphá níos airde d’fhostaithe mná.

## Fostaithe Buana Páirtaimseartha

Meánbhearna Phá idir  
na hInscní:

**-3.27%**

(i bhfabhar na mban)


Meánráta in  
aghaidh na huaire:

**€23.36**

d'fhir

**€24.13**

do mhná



Tá athrú tagtha ar an mbearna phá d'fhostaithe buana páirtaimseartha, de bheagán anois i bhfabhar na mban.

## Fostaithe Sealadacha

Meánbhearna Phá idir  
na hInscní:

**-19.14%**

(i bhfabhar na mban)


Meánráta in  
aghaidh na huaire:

**€20.91**

d'fhir

**€24.92**

do mhná



I measc fostaithe sealadacha, tá an bhearna níos láidre i bhfabhar na mban i gcónaí.

An Bhearna Phá Airmheánach idir na hInscní

Is í an bhearna phá airmheánach idir na hinscní an difríocht idir lár an scála pá in aghaidh na huaire d’fhostaithe fir agus d’fhostaithe mná, a léirítear mar chéatadán den ráta airmheánach in aghaidh na huaire do na fir.

Go foriomlán

An Bhearna Phá Airmheánach idir na hInscní:

0.09%

(i bhfabhar na bhfear)


An Ráta Airmheánach in aghaidh na huaire:

€26.46

d’fhir

€26.44

do mhná



Fostaithe Buana

An Bhearna Phá Airmheánach idir na hInscní:

-12.09%

(i bhfabhar na mban)

An Ráta Airmheánach in aghaidh na huaire:

€26.81

d’fhir

€30.05

do mhná



In 2025, is 0.09% an ráta airmheánach foriomlán, i gcomparáid le 23% i bhfabhar na bhfear in 2024, a léiríonn go bhfuil pá ag an lárphointe tuillimh beagnach comhionann anois.

I measc na foirne buaine, tá 12.09% níos mó de thuarastal á íoc leis na mná ná mar atá leis na fir ag an lárphointe.

## Fostaithe Buana Páirtaimseartha

An Bhearna Phá Airmheánach  
idir na hInscní:

**-1.32%**

(i bhfabhar na mban)


An Ráta Airmheánach  
in aghaidh na huaire:

**€23.50**

d'fhir

**€23.81**

do mhná



Ó thaobh fostaithe buana páirtaimseartha, tá an bhearna i bhfabhar na mban de bheagán.

## Fostaithe Sealadacha

An Bhearna Phá Airmheánach  
idir na hInscní:

**0.00%**

(comhionannas)


An Ráta Airmheánach  
in aghaidh na huaire:

**€19.62**

d'fhir

**€19.62**

do mhná



Ó thaobh fostaithe sealadacha, tá an ráta airmheánach pá comhionann, leis an ráta céanna in aghaidh na huaire á íoc leis na fir agus leis na mná.



**Charles Émile Jacque, (1813–1894)**

*Poultry among Trees*, 1840–1894

Bronnta ag an Ridire Alfred Chester Beatty, 1950

NGI.4243



### Ceathairíleanna Pá

Léiríonn ceathairíleanna pá an dáileadh fostaithe fir agus fostaithe mná ar fud ceithre ghrúpa chomhionanna sa bhfórsa saothair, rangaithe ón bpá is ísle go dtí an pá is airde:

| Tábla 1 Ceathairíleanna Pá        |         |         |
|-----------------------------------|---------|---------|
| Ceathairíl                        | Fir (%) | Mná (%) |
| <b>Ceathairíl íochtarach</b>      | 37.93%  | 62.07%  |
| <b>Meáncheathairíl íochtarach</b> | 66.67%  | 33.33%  |
| <b>Meáncheathairíl uachtarach</b> | 56.10%  | 43.90%  |
| <b>Ceathairíl uachtarach</b>      | 27.78%  | 72.22%  |

In 2025, tá ionadaíocht láidir á déanamh ar na mná sa cheathairíl íochtarach (62%) agus sa cheathairíl uachtarach (72%) araon. Tá na fir níos forleithne sa mheáncheathairíl íochtarach (67%). Léirítear sa dáileadh seo braisliú leanúnach ról de réir inscne, le go leor ban ag an dá thaobh den scála pá agus na fir sna réimsí meánacha.

### Luach Saothair Bónais agus Sochair Chomhchineáil

Tagraíonn sé seo de chineálacha breise pá nó luach saothair lasmuigh de thuarastal. Mar eagraíocht san earnáil phoiblí, ní chuireann an Gailearaí bónais ná sochair chomhchineáil ar fáil; mar sin, ní thuairiscítear aon sonraí faoi na critéir seo.

# Anailís agus Príomhléargais

## Cúinsí a bhí leis

### Dáileadh Ról agus Leithscaradh Ceirde

Leanann torthaí 2025 le hionadaíocht inscne éagsúil a léiriú ar fud na gceathairleanna pá. Tá go leor fostaithe mná sna ceathairleanna íochtaracha agus uachtaracha araon, agus tá fostaithe fir níos coitianta sna meáncheathairleanna. Tugann sé seo le fios gur dóigh go mbeidh níos mó fostaithe mná i bpoist bhunleibhéil, chomh maith le ról speisialtóra nó bainistíochta ardleibhéil. Ag an am céanna, tá níos mó fear i bpoist mheánleibhéil, mar shampla ról theicniúla nó oibríochtúla. Tá an patrún dáileacháin seo mar phríomhthiománaí na dtorthaí foriomlána maidir leis an mbearna phá.

### Socruithe maidir le hObair Pháirtaimseartha agus Socruithe Oibre Solúbtha

Tá an mheánbhearna phá idir na hinscní d'fhostaithe buana páirtaimseartha athraithe ó 10.39% i bhfabhar fostaithe fir in 2024 go **-3.27% i bhfabhar fostaithe mná** in 2025. Léiríonn an t-athrú iomlán seo na hathruithe i leithdháileadh ról agus dul chun cinn ó thaobh pá.

- **Fostaithe Mná Páirtaimseartha:** Tá na mná dailte níos cothroime anois ar fud na scálaí pá, le níos mó ionadaíochta i ról a chuireann rátaí níos airde in aghaidh na huaire ar fáil in 2024.
- **Fostaithe Fir Páirtaimseartha:** Tá níos lú fostaithe páirtaimseartha fir ann i gcónaí agus tá níos mó acu i raon níos lú ról. Leanann a meánfhad seirbhíse de bheith níos faide i gcónaí ná fostaithe mná páirtaimseartha, ach tá an fachtóir seo sáraithe ag dáileadh níos leithne fostaithe mná páirtaimseartha ar fud scálaí pá níos airde.

### Treochtaí Fostaíochta Sealadacha

Tá an meánráta pá i measc fostaithe sealadacha i bhfabhar na mban i gcónaí, cé go bhfuil sé caolaithe ó -35.69% in 2024 go -19.14% in 2025. Tá an ráta airmheánach dúnta go hiomlán, ag bogadh ó -6.58% in 2024 go 0% (comhionannas) in 2025. Tugann sé seo le fios cé go bhfuil níos mó ról le pá níos mó ag fostaithe mná páirtaimseartha, tá ionadaíocht níos cothroime ag na fir anois ar fud poist shealadacha.

### Rannpháirtíocht Fostaithe i Nochtadh Inscne

In 2025, rinne 171 fostaí a n-inscne a nochtadh, i gcomparáid le 153 in 2024. Cé go ndéanann sé seo ionadaíocht ar líon níos airde freagróirí ar an iomlán, tá an céatadán ráta nochtadh beagán níos ísle (81% i gcomparáid le 82% in 2024), a léiríonn an fás atá tagtha ar fhórsa saothair an Ghailearaí ón mbliain seo caite. Leanfaimid le rannpháirtíocht iomlán a spreagadh i dtimthriallta tuairiscithe amach anseo, mar go gcinntíonn tacar sonraí iomlán go léiríonn ár n-anailís an eagraíocht ina hiomláine go cruinn.

## Dul Chun Cinn agus Tionscnaimh

Leanann an Gailearaí de bheith tiomanta don chomhionannas, don éagsúlacht agus don uilechuimsitheacht a neadú ar fud na réimsí go léir, ag teacht le Plean Straitéiseach 2024–2028 agus le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. In 2025, leanamar lenár gcur chuige a neartú trí thionscnaimh, creat beartais agus rannpháirtíocht foirne spriocdhírthe.

I measc na bpríomhthionscnamh tá:

- **Cleachtais Earcaíochta:** Leanann an Gailearaí de thosaíocht a thabhairt do chomhdheiseanna trí theanga-atá neodrach ó thaobh inscne i sainchuntais poist agus-painéal agallaimh atá cothromaithe ó thaobh inscne. Cloíonn gach próiseas earcaíochta leis an Reachtaíocht um Chomhionannas Fostaíochta.
- **Polasaithe agus Timpeallacht Oibre:** Tá Polasaí Comhionannais Inscne ag an nGailearaí a sholáthraíonn creat chun monatóireacht agus aghaidh a thabhairt ar-shaincheisteanna a bhaineann le hinscne ar fud earcaíochta, pá agus dul chun cinn gairme. Tagann sé seo taobh lenár bPolasaí maidir le Dínit san Áit Oibre, a dhearbhaíonn ár dtiomantas d'áit oibre atá measúil agus ina dtugtar aghaidh ar ghearáin, lena n-áirítear gearáin atá bunaithe ar inscne. Is sínitheoir é an Gailearaí freisin ar *Sábháilte le Cruthú*, tionscnamh-ar fud earnála a chuireann dínit agus meas chun cinn san áit oibre, atá á bhainistiú ag Institiúid Amharclannaíochta na hÉireann thar ceann na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, le Fís Éireann agus le Minding Creative Minds.
- **Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine:** Tá an tuarascáil seo mar chuid de chomhlíonadh an Ghailearaí leis an Dualgas, trí neamhionannas a aithint, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine inár bhfórsa saothair a chosaint.
- **Obair Sholúbtha agus Saoire:** Tá raon socruithe oibre solúbtha á gcur ar fáil ag an nGailearaí, lena n-áirítear saoire cúramóirí, saoire thuismitheoireachta, saoire tuismitheoirí, sos gairme, socruithe oibre níos giorra sa bhliain oibre, postroinnt-agus obair chumaisc. Tá saoire mháithreachais, atharthachta agus uchtaithe íoctha ar fáil freisin. Tacaíonn na bearta seo leis an fhoireann cothromaíocht a bhaint amach idir freagrachtaí oibre agus pearsanta, agus cuidíonn le normalú a dhéanamh ar ról comhroinnte chúraim ar fud na n-inscní.
- **Forbairt Ghairme:** Tacaíonn an Gailearaí leis an bhfoireann cur le scileanna agus taithí trí raon deiseanna atá ailínithe le riachtanais eagraíochta agus le cuspóirí straitéiseacha. Tá Scéim Breisoideachais agus Oiliúna atá á reáchtáil faoi dhó sa mbliain, ar fáil don fhoireann go léir agus tacaíonn sí le foghlaim ghairmiúil leanúnach. Táimid tiomanta do chinntiú go mbíonn teacht ag gach fostaí, cibé lánaimseartha,-páirtaimseartha-, ar théarma buan nó téarma seasta, ar na deiseanna sin ionas go mbeidh teacht cothrom ag an uile dhuine ar conairí dul chun cinn sin. Táthar ag leanúint leis an obair chun an réimse seo a neartú, agus beidh forbairt foirne mar phríomhfhócas i gcónaí laistigh dár dtosaíochtaí níos leithne i leith daoine agus eagraíochta.

## Ag féachaint chun cinn



**Alfred Emile Leopold Joseph  
Victor Stevens, (1823–1906)**  
*Woman in a Black Dress*, 1880í  
Bronnta ag an Ridire Alfred  
Chester Beatty, 1950  
NGI.4278

Tá an Gailearaí tiomanta fós do thimpeallacht chothrom a chruthú inar féidir le gach fostaí a bheith faoi bhláth. Léiríonn na sonraí maidir lenár mbearna phá idir na hinscní 2025 dul chun cinn spreagúil, gar do chomhionannas foriomlán agus feabhsúcháin ar fud ról bhuana agus-pháirtaimseartha. Ag an am céanna, léiríonn na torthaí réimsí ina bhfuil gá le leanúint le fócas, go háirithe ó thaobh conarthaí sealadacha agus lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht chothrom ar fud na gceathairleanna pá go léir.

Ag féachaint chun cinn, leanfaimid den:

- **Dul chun cinn a choinneáil** trí mhonatóireacht a dhéanamh ar bhearnaí pá ar bhonn bliantúil agus trí bhreithnithe comhionannais a neadú i bpleanáil agus i bhforbairt ghairme an fhórsa saothair.
- **Rannpháirtíocht a neartú** trí leibhéil níos airde nochta inscne a spreagadh, ag cinntiú go léirítear éagsúlacht iomlán na foirne inár dtuairisciú.
- **Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chomhlíonadh** trí úsáid a bhaint as tuairisciú na bearna pá idir na hinscní mar uirlis phraiticiúil chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus chun cearta gach fostaí a chosaint.

Leis na gealltanais sin, leanfaidh an Gailearaí de chomhionannas inscne agus den uilechuimsitheacht a neadú mar luachanna croíláir, ag cinntiú nach hamháin go dtomhaistear dul chun cinn ach go bhfuil sé le brath ar fud gach roinne agus ról.

Cheadaigh Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann an Tuarascáil seo ar an **23 Deireadh Fómhair 2025**.



## Bord Gobharnóirí agus Bardachta agus Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

### Ó chlé go deas, ina seasamh:

John Conlon | Comhalta Boird, Cathaoirleach  
Oifig na nOibreacha Poiblí  
Kim Smit | An Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin  
An Dr Ciarán O'Carroll | Comhalta Boird  
John Dardis | Comhalta Boird, Uachtarán  
Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath  
Caroline Grant | Comhalta Boird  
Terence McCrann | Comhalta Boird  
An Dr Sandra Collins | Comhalta Boird  
John O'Doherty | Comhalta Boird (Leas-Chathaoirleach)  
Diana Copperwhite | Comhalta Boird  
Michael Quane | Comhalta Boird  
Andrew Hetherington | An Fhoireann  
Ceannaireachta Feidhmiúcháin

**Thuas:** Grianghraf, Anthony Woods

**Creidiúintí do na híomhánna:** Grianghraf,  
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann  
mura ndeirtear a mhalairt

### Ó chlé go deas, ina suí:

Abigail O'Brien | Comhalta Boird, Uachtarán,  
An tAcadamh Ibearnach Ríoga  
An Dr Michelle D. Cullen | Comhalta Boird  
An Dr Caroline Campbell | Stiúrthóir  
Ghailearaí Náisiúnta Na hÉireann  
Adrian O'Carroll | Comhalta Boird (Cathaoirleach)  
An Dr Martina Byrne | Comhalta Boird  
Margie McCarthy | Comhalta Boird

### Níl sa ghrianghraf:

Ollamh Patrick Guiry | Comhalta Boird, Uachtarán  
Acadamh Ríoga na hÉireann  
Hilary Hough | Comhalta Boird  
Dan Flintter | Comhalta Boird  
Eddie Butler | An Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin



**Harriet Osborne O'Hagan (1830–1921)**

*An Interior*

Bronnta ag Messrs M. Garbaye agus M. de Letre, 1948

NGI.1174

**Gailearaí Náisiúnta na hÉireann**

Cearnóg Mhuirfean Thiar,  
Baile Átha Cliath 2, D02K303

GAILEARAÍ  
NÁISIÚNTA<sup>na</sup>  
hÉIREANN

NATIONAL  
GALLERY<sup>of</sup>  
IRELAND